

# Réamhrá

Pribhléid is ea cnuasach den chineál seo a thabhairt ar an saol, pribhléid a bhfuil a cion féin den fhreagracht ag roinnt léi. Tá sé mar aidhm ag an imleabhar toirtiúil seo caomhnú a dhéanamh ar na torthaí léannta, agus blaiseadh a thabhairt den fhuinneamh agus den bhrí a bhain le ceann de na hócáidí is suntasaí i bhféilire na Gaeilge le daichead bliain anuas, ‘Léacht Uí Chadhain’; léacht phoiblí atá á tabhairt go bliantúil ó 1980 i leith sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in ómós do Mháirtín Ó Cadhain, mórscríbhneoir próis na Gaeilge san fhichiú haois.

Tá an cnuasach seo á fhoilsiú i mbliain cheiliúrtha Uí Chadhain (1906–1970) leathchéad bliain ó cailleadh é. Aithníodh le fada an chomaoin mhór a chuir an Cadhnach ar nualitríocht na Gaeilge, agus mar aon leis sin, an saibhreas do-sháraithe teanga a bhí mar dhúshraith lena chuid próis. Aithnítear freisin mór-thábhacht na léamhanna éagsúla critice atá déanta ar shaothar Uí Chadhain; plé a shaihbhríonn an dioscúrsa ar chuir sé féin bonn chomh tathagach sin leis lena chuid scríbhinní. Le tamall anuas tá aird an phobail mhóir dírithe arís ar Ó Cadhain, a bhuíochas cuid mhaith le hOllscoil Yale agus le Cló Iar-Chonnacht a d’fhoilsigh dhá leagan Béarla dá mhórshaothar *Cré na Cille*, mar atá *The Dirty Dust* le Alan Titley (2015) agus *Graveyard Clay* le Liam Mac Con Iomaire agus Tim Robinson (2016). Mar a dúirt an tOllamh Máirín Nic Eoin in *The Irish Times* ina léirmheas ar an dara haistriúchán acu seo: ‘[T]he decision to commission two translations was a master stroke by Yale, as it avoids canonical status being attached to the first published English version and brings *Cré na Cille* to a worldwide readership in a manner that encourages ongoing engagement with the original text’ (9 Aibreán 2016). Cloch shuntasach eile ar charn Uí Chadhain i mbliain seo a chomórtha is ea an t-imleabhar seo ina n-aimseofar an flosc agus an faobhar, an cur agus an cúiteamh, an saibhreas agus an ghaois agus, go háirithe, an ilchineálacht chéadach chéanna ba dhual do scríbhinní an Chadhnaigh féin riamh.

Dírthe ar phobal na Gaeilge trí chéile a bhí Léacht Uí Chadhain ón gcéad lá, bíodh nach beag an chomaoín atá curtha ag an tsraith ar léann na Gaeilge thar na blianta. Go praiticiúil, oíche an-taitneamhach agus an-tábhachtach is ea í do lucht na Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa mhéid agus go dtugtar cuireadh do phobal na Gaeilge trí chéile a bheith rannpháirteach i mbreogán litríochta agus léinn, áit a bhfeidhmíonn gach léacht mar thúsphointe díospóireachta a leanann, níos minice ná a mhalairt, trí fhoilsiú an ábhair in iris liteartha nó léannta tamall ina dhiaidh sin. Bíodh go raibh an nós ann ó thús nach nglactar le ceisteanna ag deireadh na cainte, bhí an nós ann freisin fáiltiú iarléachta a eagrú dá raibh i láthair i seomra caidrimh na hOllscoile, áit a bhféadfaí tús ceart a chur leis na bplé.

Chuir an tOllamh Breandan Ó Buachalla an tsraith ar bun mar chomóradh deich mbliana ar bhás Uí Chadhain agus dhá sprioc i gceist aige: go ndéanfaí litríocht agus cultúr na Nua-Ghaeilge trí chéile a athbhreithniú agus go dtabharfaí léargas nua ar shaol agus ar shaothar Uí Chadhain. Éagsúlacht shuntasach mar sin, ó thaobh cúlra agus cur chuige, is túisce a shonrófar ach súil a chaitheamh ar liosta na n-údar a ghlac leis an gcuireadh an léacht a thabhairt thar na blianta. Tá an éagsúlacht sin le léamh ar an gcnuasach seo freisin. Mar shampla, is mór go minic—ach ní i gcónaí—idir an chaoi a dtugann scríbhneoir cruthaitheach faoi chúram dá leithéid le hais scoláire gairmiúil.

Rogha mhaith ba ea an Cadhnach le buanna na nualitríochta trí chéile mar aon le cruacheisteanna faoi gcultúr a ionramháil i gcainteanna den chineál seo. Thug Máirtín Ó Cadhain léargas géarchúiseach ar phobal traidisiúnta na Gaeilge ina chuid scríbhinní éagsúla ach thug sé cuntas fuarchúiseach freisin ar a raibh i ndán don teanga agus do phobal na teanga. Ba é Breandán Ó hEithir a thug an chéad léacht sa tsraith, ‘Máirtín Ó Cadhain: an pholaitíocht agus an Ghaeilge’, caint a d’ardaigh ceisteanna iomadúla faoi chás na Gaeilge an tráth úd, agus ionad an Chadhnaigh sa mhórchomhthéacs sin. Phléigh an chéad dá léacht eile leis an gCadhnach féin (Titley agus Ó Tuathaigh) agus i lár na 1980í rinneadh grinnstaidéar ar ghnéithe éagsúla den saol lenar bhain sé sna léachtaí ag Gearóid Ó Crualaoich, Louis de Paor agus Gearóid Denvir. Chuir Eoghan Ó hAnluain naoi gcinn de na léachtaí seo in eagar in 1989 faoin teideal *Léachtaí Uí Chadhain 1, 1980–1988* (An Clóchomhar). De réir a chéile, ba léir gurb éard a bhí i Léacht Uí Chadhain ná scáthán inarbh fhéidir na díospóireachtaí ba thábhachtaí faoi gach gné de nualitríocht na Gaeilge a mheas.

Bíodh nach file a bhí sa Chadhnach féin agus go raibh rudaí le rá aige a chuir olc ar fhilí áirithe, d’éirigh le Léacht Uí Chadhain an nuafilíocht a chuimsiú go han-slachtmhar in imeacht na mblianta. Seachtar filí a thug Léacht Uí Chadhain go dtí seo: Louis de Paor, Joe Steve Ó Neachtain, Liam Ó Muirthile, Colm Breathnach, Bidy Jenkinson, Tadhg Ó Dúshláine agus Nuala Ní Dhomhnaill.

Ar an bhfilíocht, a bheag nó a mhór, a dhírigh na léachtaí a thug an ceathrar deir-eanach sin, chomh maith le léacht Sheáin Uí Choileáin, agus léachtaí eagarthóirí an leabhair seo, Caoimhín Mac Giolla Léith agus Liam Mac Amhlaigh. Díol suntais ann féin é an chomhtharlúint gur in aon bhliain amháin a cailleadh an Cadhnach agus a saolaíodh an chéad eagrán d'*Innti*, iris liteartha a d'fhógair, ina bealach féin, ré nua filíochta, nó ré athnuaite, ar a laghad, sa Ghaeilge.

Leanadh le díospóireachtaí ar an gCadhnach féin i rith na sraithe a bhuí le Cathal Ó Háinle, Pádraic Breathnach, Breandán Ó Doibhlin, agus le déanaí, Máirín Nic Eoin, agus Fionntán de Brún. Pléadh freisin ionad litríocht na Gaeilge sa traidisiún liteartha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta i léachtaí scoipiúla a réitigh Declan Kiberd, Liam Mac Cóil, Eoghan Ó hAnluain, Seán Ó Tuama, Darach Ó Scolaí agus Angela Bourke.

Chuir an ghéarchúis a léirigh Máirtín Ó Cadhain i leith reacaireacht na staire agus toiscaí sóisialta leis an léargas fuarchúiseach a thug sé ar phobal traidisiúnta na Gaeilge agus scéal sheachadadh na teanga. B'fhearann cruthaitheach a bhí sa Ghaeltacht don Chadhnach ach níor chuir teorainneacha na tíreolaíochta aon bhac ar an réimse samhlaíochta a bhí de shíor ag borradh inti. Mar a thuig Joe Steve Ó Neachtain, Dónall Ó Braonáin agus Máire Ní Neachtain ina gcainteanna, is fada an tobar mar mheafar don Ghaeltacht: foinse a bhféadfaí tarraingt uirthi le teacht ar bhunáitreabh agus buanbhaile, ní hamháin don teanga féin ach don chultúr agus don tsáíocht a bhaineann léi.

Níor fágadh aon réimse den litríocht chomhaimseartha gan chíoradh i Léachtaí Uí Chadhain. Tá léachtaí sa tsraith a thugann aghaidh ar na hábhair speisialaithe seo a leanas: an fhoilsitheoireacht (Ó Conghaile, Breathnach D.), an dírbheathaisnéis stairiúil (Ó Sé), an ghearrscéalaíocht chomhaimseartha (Riggs), caomhnú litríocht mionteangacha (Williams), critic na hiriseoireachta (Ní Dhonnchadha, Uí Chollatáin), suibiachtúlacht na litríochta comhaimseartha (Ní Annracháin), an t-aistriúchán liteartha (Ó Canainn), agus cur chun cinn tuiscintí nua i dtaobh na teanga sa ré chomhaimseartha (Ó Dochartaigh, Ó Muirthile, Ó Riada).

Ní miste a lua go bhfuil dhá bhearna sa tsraith, blianta nár tugadh léacht ar bith. Sa bhliain 2008, beartaíodh malairt ócáide, oíche ómóis liteartha, ócáid a cuireadh ar ceal ina dhiaidh sin de dheasca bás tubaisteach baill foirne. I nDeireadh Fómhair 2018, ba ghá an léacht ag duine d'eagarthóirí an leabhair seo, Liam Mac Amhlaigh, a chur siar mar gur buaileadh go dona tinn é. Ansin, i mí Feabhra 2019, uair an chloig roimh an sprioc-am nua, theip ar an leictreachas ar fud cuid mhaith de dheisceart Bhaile Átha Cliath agus díbríodh gach duine ó champas na hOllscoile ar bhonn slándála. Agus riail na dtrí i bhfeidhm, tugadh an léacht ar deireadh ar an 17 Deireadh Fómhair 2019, rud a fhágann bearna na bliana 2018 sa tsraith. Foilseofar an léacht sin go luath sa tréimhseachán *Léann*. Beidh sí sin, agus léachtaí eile, tá súil againn, sa chéad eagrán uasdátaithe den mhórchnuasach seo.

Tá tacaíocht tugtha ag Bord na Gaeilge, mar a bhí, agus Foras na Gaeilge, mar atá, le roinnt mhaith blianta le costais na hoíche a chúiteamh, agus ba chrann taca í Deirdre Davitt in imeacht na mblianta sa chomhthéacs tacaíochta sin. Sa bhliain 2012, cinneadh nár mhiste ceangal a dhéanamh idir Léacht Uí Chadhain agus féile bhliantúil liteartha na hArdchathrach, IMRAM; ón mbliain sin ar aghaidh bhí an léacht ar chlár IMRAM, rud a chuir le haitheantas agus le gradam an dá thionscnamh. Anuas air sin, ceanglaíodh ócáidí eile leis an léacht le blianta beaga anuas; ina measc, seoltaí leabhair, seoladh na ríomhirise *COMHARTaighde*, agus eagraíodh comhdháil chomórtha Sheáin Uí Ríordáin mórthimpeall na léachta sa bhliain 2007.

Gabhaimid ár mbuíochas le gach duine de scríbhneoirí an imleabhair seo, chomh maith le Catherine Breathnach, Éilis Ní Anluain, Míde Ní Chanainn, Caoilfhionn Nic Pháidín agus Eoin Ó Tuama, as a ndúthracht le teagmháil a leanúint linn agus muid ag réiteach na n-aistí don chló. Tá buíochas faoi leith ag dul don Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'fhoireann na Nua-Ghaeilge thar na blianta, go háirithe do Cheann Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, an tOllamh Regina Uí Chollatáin, agus Ceann na Nua-Ghaeilge, an Comhollamh Meidhbhín Ní Úrdail, as a dtacaíocht agus an t-eagrán seo á réiteach. Thug Bairbre Ní Chonchúir agus Eoin McEvoy ón Scoil an-tacaíocht don fhiontar seo, don mhórchnuasach clóite agus don mhicreashuíomh (**leachtaiuchadhain.cló.ie**) a bheidh ag teacht mar chompánach aige.

Gabhaimid buíochas leis na foilsitheoirí Cló Léann na Gaeilge (CLÓ) as a dtacaíocht. Is mór an onóir dúinn gurb é seo a gcéad imleabhar agus CLÓ tagtha ar an saol in imeacht na bliana seo.

Tá buíochas speisialta ag dul do Jennifer Gorissen as cúnamh le céadleagan amach an téacs don leabhar, agus d'fhoireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge as cúnamh cóipeagarthóireachta agus profléitheoireachta a chur ar fáil. Ba mhaith linn aitheantas faoi leith a thabhairt do Ronan Doherty as a ionchur i ndearadh agus clóchur an leabhair seo mar aon leis an micreashuíomh a bheidh mar chompánach aige.

Gabhaimid buíochas le Micheál Ó Conghaile (duine de na cainteoirí, gan amhras), atá ina chaomhnóir ar oidhreacht An Clóchomhar, as a bheannacht na léachtaí a foilsíodh in *Léachtaí Uí Chadhain 1* a fhoilsíú an athuir. Gabhaimid buíochas freisin le Cian Ó hÉigearthaigh, agus teaghlach Uí Éigearthaigh, as a gcéad leas a bhaint as portráid Uí Chadhain ar chlúdach an leabhair seo; agus le James O'Halloran, ó Adam's, as íomhá inúsáidte den saothar sin a sholáthar.

Ar deireadh, is ceart tábhacht Kathleen Clune a aithint sa scéal seo. Chuir an tOllamh Breandán Ó Buachalla tús leis an tsraith, agus thar na blianta, bhain cúraimí eagar éagsúla le hEoghan Ó hAnluain, Pádraig A. Breathnach, Seosamh Watson, Caoimhín Mac Giolla Léith, Angela Bourke, Máire Ní Annracháin,

Regina Uí Chollatáin, Meidhbhín Ní Úrdail, agus Diarmuid Ó Sé. Ach ó thús na sraithe in 1980 go dtí 2013, ba í lámh chalma agus inchinn stuama Chaitlín a stiúraigh an ócáid seo go dúthrachtach bliain i ndiaidh bliana, agus dá réir sin níor mhiste gur di siúd atá an focal buíochais deiridh ag dul.

Tá céad bliain ann ó bhí an clapholas ceilteach ann, agus cúig bliana is fiche ó mhol an Cadhnach dúinn in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969) buntuiscintí i dtaobh na Gaeilge agus na scríbhneoireachta a athbhreithniú... is é atá ar siúl le tamall de bhlianta anuas, dar liom, ná léann agus léitheoireacht na Gaeilge ag teacht in aois. Tá na traidisiúin éagsúla léitheoireachta ag dul i bhfeidhm ar a chéile de réir mar a thagann iolrachas nua isteach i saol na hÉireann tré chéile, agus tá an scoláireacht agus an chruthaitheacht, a raibh deighilt ghéar thostach eatarthu ar feadh i bhfad, á nascadh le chéile de réir mar a théann an díchoilníú cultúrtha ar aghaidh (Bourke 1994).

Sin é a raibh le rá ag Angela Bourke i gcaitheamh na léachta aicise sa bhliain 1994. Tugann Léacht Uí Chadhain, mar léacht bhliantúil, deis don scoláireacht agus don chruthaitheacht nascadh le chéile, agus eiseamláir Mháirtín Uí Chadhain ina chúlbhrat leis an bpróiseas sin ar fad. Léirigh Ó Cadhain a chuid máistreachta ar litríocht na teanga, idir ghearrscéalta, úrscéalta agus eile, i rith a shaoil. Tugann an bailiúchán seo léargas suntasach ar an iliomad gné dá shaothar agus d'oidhreacht liteartha na Gaeilge san aois ina mairimid. Tá súil againn beirt gur léiriú é an mórchnuasach seo de chainteanna conspóideacha, athléamha íogaire agus díospóireachtaí criticiúla ar mhianach na síorathnuachana atá sa traidisiún scóipiúil ilchineálach againn i gcónaí. Bíodh an chre i gceill an Chadhnaigh agus na clocha ar a charn ag súil le tuilleadh amach anseo.

*Caoimhín Mac Giolla Léith*  
*Liam Mac Amblaigh*

30.10.2020

